Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10294/26**

**ENV 690**
**CHIMIE 73**
**COMPET 739**
**IND 397**
**RECH 267**
**ECOFIN 790**
**ECO 21**
**SOC 377**
**SAN 459**
**CONSOM 185**
**MI 602**
**ENT 137**
**ENFOCUSTOM 72**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Rialachán REACH: an bealach chun cinn<br>- Seisiún tuairimíochta |

In oirchill na Comhairle (Comhshaol) an 25 Meitheamh 2026, tá páipéar cúlra ón Uachtaránacht ina bhfuil ceisteanna ar na hairí maidir leis an ábhar sin san Iarscríbhinn.

Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an nóta cúlra agus na ceisteanna ann a thabhairt ar aird agus a chur ar aghaidh chuig an gComhairle.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**Rialachán REACH: an bealach chun cinn**

**- Seisiún tuairimíochta -**

I mí Dheireadh Fómhair 2020, d'fhógair an Coimisiún Eorpach an t-athbhreithniú a dhéanfaí ar Rialachán REACH mar chuid d'ollchóiriú ar bheartas ceimiceán an Aontais a dhéanfaí tríd an Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht. Is cuid lárnach de bheartas ceimiceán an Aontais é Rialachán REACH, a bhfuil sé d'aidhm aige a áirithiú go gcosnófar sláinte an duine agus an comhshaol ar na rioscaí a bhaineann le ceimiceáin, chomh maith le saorchúrsaíocht substaintí ar an margadh inmheánach agus iomaíochas agus nuálaíocht á bhfeabhsú ag an am céanna.

Bhí athbhreithniú REACH ceaptha aghaidh a thabhairt ar na bearnaí atá sa rialachán faoi láthair, bearnaí cuir i gcás comhlíonadh na sainchomhad clárúcháin a fheabhsú, substaintí a bhfuil airíonna guaise criticiúla acu a shainaithint ar bhealach níos fearr, an córas údaraithe agus srianta a fheabhsú agus a shimpliú, agus comhlíonadh allmhairí substaintí ó thríú tíortha a threisiú.

Bhí sé beartaithe ag an gCoimisiún go molfaí athbhreithniú spriocdhírithe a dhéanamh ar Rialachán REACH le linn an tsainordaithe reatha, mar a fógraíodh i gClár Oibre 2025. Mar sin féin, cuireadh an togra comhfhreagrach siar arís agus arís eile.

Sna conclúidí uaithi i mí Dheireadh Fómhair 2025, leag an Chomhairle Eorpach béim ar an ngá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán REACH mar bhealach le borradh a chur faoi iomaíochas san earnáil cheimiceán. Agus í ag cur leis na treoirlínte sin, meabhraíodh arís sna Conclúidí ón gComhairle maidir le Comhshaol na hEorpa 2030, i mí na Nollag 2025, gur gá REACH a athbhreithniú agus a nuachóiriú agus an Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht a chur chun feidhme ina hiomláine.

Le blianta beaga anuas, áfach, tá athrú suntasach tagtha ar staid na hearnála ceimiceán. Tá athrú struchtúrach tapa ag teacht ar thionscal ceimiceán na hEorpa agus tá air aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shuntasacha, cuir i gcás, costais fuinnimh agus bunábhair atá ag dul i méid, spleáchais sheachtracha ar ionchuir chriticiúla, agus iomaíocht níos mó ó thríú tíortha, oibreoirí nach gcomhlíonann ceanglais an Aontais ina measc. Leagann oibreoirí béim arís agus arís eile ar an ngá atá acu le cobhsaíocht agus intuarthacht rialála chun bonn taca a chur faoi chinntí infheistíochta.

Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh sé nach gcomhlíonfaí a thuilleadh na coinníollacha maidir le hathbhreithniú reachtach iomlán a dhéanamh ar REACH sa ghearrthéarma. Dá n-athosclófaí an comhad faoin ngnáthnós imeachta reachtach, bheadh éiginnteacht fhadtréimhseach ann d'oibreoirí agus d'údaráis, tráth a bhfuil soiléireacht agus cobhsaíocht de dhíth ar an earnáil.

Sa chomhthéacs sin, chuir an Coimisiún in iúl i ráitis a rinneadh i mí Aibreáin 2026 nach ndéanfaí an t-athbhreithniú reachtach ar REACH, dá bhforáladh ar dtús sa Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht, a shaothrú sa sainordú reatha. Ina ionad sin, d'fhógair an Coimisiún go ndíreodh sé a chuid oibre ar REACH a shimpliú agus a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch tríd an nós imeachta coiste. D'fhógair an Coimisiún freisin go neartódh sé forfheidhmiú an rialacháin maidir le táirgí agus substaintí neamhchomhlíontacha ó thríú tíortha, chomh maith le faireachas ar an margadh a fheabhsú.

In éagmais athbhreithniú reachtach, d'fhéadfadh simpliú agus oiriúnú ar REACH trí nós imeachta coiste a bheith ina réiteach chun feabhsuithe nithiúla a bhaint amach. D'fhéadfaí roinnt saincheisteanna a mheas go háirithe, lena n-áirítear ceanglais maidir le sonraí clárúcháin a thabhairt cothrom le dáta chun na haicmí guaise nua a tugadh isteach le Rialachán athbhreithnithe ALP a chur san áireamh iontu, Bileoga Sonraí Sábháilteachta a chomhchuibhiú agus a dhigiteáil, agus cur i bhfeidhm an rialacháin a shimpliú.

Ina theannta sin, tá bearna shuntasach chomhlíontachta ann fós ó thaobh chur chun feidhme REACH, go háirithe maidir le substaintí agus earraí a allmhairítear ó thríú tíortha. Leis an tionscadal forfheidhmiúcháin spriocdhírithe is déanaí d'Fhóram Forfheidhmiúcháin ECHA (REF-12), atá bunaithe ar 2 603 rialú arna ndéanamh ag cigirí in 29 dtír LEE, dearbhaíodh scála na bearna sin. Ní raibh an clárú ba ghá ag substaint amháin as gach trí shubstaint i meascáin allmhairithe, agus léiríodh go raibh 16 % de na substaintí srianta a seiceáladh neamhchomhlíontach.

Sainaithníodh an bhearna sin san athbhreithniú bunaidh ar cheann de na saincheisteanna ríthábhachtacha nach mór aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear trí oibleagáidí REACH a ailíniú ar bhealach níos fearr le creat custaim an Aontais. Leis an méadú suntasach ar dhíolacháin ar líne, go háirithe beartáin a seoltar díreach chuig an tomhaltóir trí mhearbhealaí lasta nó poist, déantar an dúshlán a bhaineann le cigireachtaí a dhéanamh ar leibhéal leordhóthanach minicíochta agus cáilíochta níos casta fós. Dá bhrí sin, ba cheart leanúint de bhreathnú a dhéanamh ar an mbealach is iomchuí (reachtach nó neamhreachtach) leis an mbearna chomhlíontachta sin a dhúnadh. Ba cheart é sin a dhéanamh, agus sainiúlachtaí na mbeartas ceimiceán á gcur san áireamh, go háirithe REACH agus ALP, agus comhleanúnachas á áirithiú ag an am céanna leis na hathchóirithe leanúnacha atá á ndéanamh ar an Aontas Custaim, ar an gCreat Reachtach Nua, agus ar Rialachán (AE) 2019/1020 maidir le faireachas margaidh, chomh maith leis an nGníomh um Tháirgí Eorpacha a d'fhéadfadh a bheith ann. Is é príomhaidhm leis an seisiún tuairimíochta sin príomhghníomhaíochtaí a shainaithint maidir le Rialachán REACH agus a chur chun feidhme agus a chinneadh cé na bearta a d'fhéadfadh forfheidhmiú an Rialacháin a nuachóiriú, a shimpliú agus a neartú in éagmais athbhreithniú a bheith déanta air trí ghnáthnós imeachta reachtach.

**Ceisteanna ar na hairí:**

1. *Cad iad na gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh tríd an nós imeachta coiste le Rialachán REACH a nuachóiriú agus a shimpliú sa chleachtas?*

2. *Conas is féidir aghaidh a thabhairt ar bhearna chomhlíontachta i Rialachán REACH, agus cad iad na bearta (reachtacha nó neamhreachtacha) a bheadh de dhíth chun forfheidhmiú an Rialacháin a neartú?*